*Uimhir* 2 *de* 1991

# An tAcht um Fhoras na Mara, 1991

[*An tiontú oifigiúil*]

*Uimhir* 2 *de* 1991

# AN tACHT UM FHORAS NA MARA, 1991

[*An tiontú oifigiúil*]

## RIAR NA nALT

Alt


1. Léiriú.

2. An lá bunaithe.

3. An Foras a bhunú.

4. Feidhmeanna an Fhorais.

5. Coistí de chuid an Fhorais.

6. Muirir i leith seirbhísí.

7. Príomhfheidhmeannach.

8. Foireann an Fhorais.

9. Aoisliúntas fhoireann an Fhorais.

10. Comhaltas de cheachtar Teach den Oireachtas nó de Pharlaimint na hEorpa ag comhaltaí den Fhoras nó ag foireann an Fhorais.

11. Airleacain ón Aire chun an Fhorais.

12. Cuntais an Fhorais agus iniúchadh orthu.

13. Bronntanais.

14. An Foras d'fháil iasachtaí.

15. Faisnéis a nochtadh.

16. An Foras d'infheistiú airgid agus do dhiúscairt fáltas díolachán talún nó leasa i dtalamh.

17. Scoláireachtaí agus deontais.

18. Tuarascálacha agus faisnéis don Aire.

19. Meastacháin bhliantúla.

20. Maoin a aistriú.

21. Foilseacháin.

22. Fionnachtana agus aireagáin.

23. Caiteachas ag an bhForas.

24. Caiteachais.

25. Gearrtheideal.

AN SCEIDEAL

Foras na Mara

---

### Na hAchtanna Dá dTagraítear

| | |
|---|---|
| An tAcht um Thoghcháin do Thionól na hEorpa, 1977 | 1977, Uimh. 30 |
| An tAcht um Thoghcháin do Thionól na hEorpa, 1984 | 1984, Uimh. 6 |
| *Finance Act*, 1895 | 1995, c. 16 |
| An tAcht um Laethanta Saoire (Fostaithe), 1973 | 1973, Uimh. 25 |
| Na hAchtanna um Fhógra íosta agus Téarmaí Fostaíochta, 1973 agus 1984 | |
| Na hAchtanna um Íocaíochtaí Iomarcaíochta, 1967 go 1984 | |
| Na hAchtanna Aoisliúntas, 1834 go 1963 | |
| An tAcht um Dhífhostú Éagórach, 1977 | 1977, Uimh. 10 |

*Uimhir* 2 *de* 1991

# AN tACHT UM FHORAS NA MARA, 1991

[*An tiontú oifigiúil*]

ACHT DO DHÉANAMH SOCRÚ CHUN TAIGHDE AGUS FORBAIRT MARA A DHÉANAMH AGUS LE hAGHAIDH SEIRBHÍSÍ GAOLMHARA, D'ÁIRITHIÚ COMHORDÚ AR NA hACMHAINNÍ STÁIT A ÚSÁIDTEAR I gCOMHAIR TAIGHDE MARA AGUS CHUN NA gCRÍOCH SIN DO BHUNÚ COMHLACHTA AR A DTABHARFAR FORAS NA MARA, DO SHAINIÚ A FHEIDHMEANNA AGUS DO DHÉANAMH SOCRÚ LE HAGHAIDH NITHE EILE A BHAINEANN LEIS NA NITHE RÉAMHRÁITE. [12 *Márta*, 1991]

ACHTAÍTEAR AG AN OIREACHTAS MAR A LEANAS:

**1.—**San Acht seo— Léiriú.

ciallaíonn "an lá bunaithe" an lá a cheapfar ina lá bunaithe le halt 2 den Acht seo;

folaíonn "feidhmeanna" cumhachtaí agus dualgais;

tá le "an Foras" an bhrí a shanntar dó le halt 3 den Acht seo;

ciallaíonn "an tAire" Aire na Mara;

ciallaíonn "mara" de chuid na farraige agus na n-uiscí taoide, iontu, cóngarach dóibh, a bhaineann nó a ghabhann leo, a áitíonn an fharraige nó uiscí neamhthaoide nó a fhaightear uaithi nó uathu;

folaíonn "taighde agus forbairt" taighde sna glan-eolaíochtaí agus sna heolaíochtaí feidhmeacha go léir, lena n-áirítear eacnamaíocht agus eolaíochtaí sóisialta, imscrúduithe, tástálacha, turgnaimh, anailísithe agus staidéir eile agus feidhmiú na heolaíochta agus na teicneolaíochta ar nuálachas agus forbairt.

An lá bunaithe.

**2.**—Féadfaidh an tAire, le hordú, lá a cheapadh chun bheith ina lá bunaithe chun críocha an Achta seo.

An Foras a bhunú.

**3.**—(1) Ar an lá bunaithe beidh comhlacht arna bhunú ar a dtabharfar Foras na Mara agus, sa Bhéarla, the Marine Institute, agus dá ngairtear "an Foras" san Acht seo, chun na feidhmeanna a thugtar dó leis an Acht seo a chomhlíonadh.

(2) Beidh éifeacht le forálacha an Sceidil maidir leis an bhForas.

Feidhmeanna an Fhorais.

**4.**—(1) Beidh na feidhmeanna ginearálta seo a leanas ag an bhForas, eadhon, taighde agus forbairt mara a ghabháil de láimh, a chomhordú, a spreagadh agus cuidiú leis sin agus cibé seirbhísí i ndáil le taighde agus forbairt mara a chur ar fáil ar seirbhísí iad, i dtuairim an Fhorais, a spreagfaidh forbairt eacnamaíoch agus a chruthóidh fostaíocht agus a chosnóidh an timpeallacht mhara.

(2) Gan dochar do ghinearáltacht fho-alt (1) den alt seo, beidh sé de dhualgas ginearálta ar an bhForas—

(*a*) comhairle a thabhairt don Aire i dtaobh beartais a bhaineann le taighde agus forbairt mara,

(*b*) beartas a chur i gcrích, de réir mar a shonróidh an tAire, maidir le taighde agus forbairt mara,

(*c*) seirbhísí taighde agus forbartha mara a ghabháil de láimh, a fhorbairt, a spreagadh agus a mhargú,

(*d*) spreagadh agus cabhair a thabhairt maidir le feabhsú, forbairt agus feidhmiú próiseas teicniúil agus próiseas eile chun acmhainn na mara a shaothrú agus a fhorbairt,

(*e*) faisnéis i ndáil le cúrsaí mara a bhailiú, a chothabháil agus a scaipeadh,

(*f*) comhordú agus rialú a dhéanamh ar thograí le haghaidh taighde agus forbartha mara dar gá maoiniú ón Státchiste nó ó aon chomhlacht atá ar úinéireacht nó faoina rialú ag an Stát nó ó cibé comhlacht eile a ordóidh an tAire ó am go ham,

(*g*) meastóireacht a dhéanamh don Aire ar thograí le haghaidh taighde agus forbartha mara dar gá maoiniú ón Státchiste

nó ó aon chomhlacht atá ar úinéireacht nó faoina rialú ag an Stát nó ó cibé comhlacht eile a ordóidh an tAire ó am go ham, agus

(*h*) comhairle a thabhairt don Aire i dtaobh tograí le haghaidh taighde agus forbartha mara dar gá maoiniú ón Státchiste nó ó aon chomhlacht atá ar úinéireacht nó faoina rialú ag an Stát nó ó cibé comhlacht eile a ordóidh an tAire ó am go ham.

(3) Féadfaidh an Foras aon ní díobh seo a leanas a dhéanamh—

(*a*) ar an Aire dá iarraidh, feidhmiú thar ceann an Stáit i gcláir thaighde agus forbartha mara de chuid an Chomhphobail Eorpaigh,

(*b*) obair, a bheidh le seoladh faoi stiúradh an Fhorais, a choimisiúnú ó dhaoine eile,

(*c*) dul i mbun comhfhiontar d'fhonn feidhmiú taighde agus forbartha mara a ghabháil de láimh nó a chur chun cinn,

(*d*) seimineáir, comhdhálacha, léachtaí nó taispeántais (cibé acu sa Stát nó in áiteanna eile) a bhaineann le taighde agus forbairt mara a thionscnamh agus a eagrú,

(*e*) gabháil (tar éis dul i gcomhairle leis an Aire agus leis an Aire Gnóthaí Eachtracha, más cuí) do ghníomhaíochtaí idirnáisiúnta i ndáil le taighde agus forbairt mara, lena n-áirítear feidhmiú thar ceann an Stáit ag comhdhálacha, cruinnithe agus seimineáir, más cuí, agus

(*f*) gabháil d'aon ghníomhaíochtaí eile a bhaineann le taighde agus forbairt mara de réir mar a cheadóidh an tAire.

(4) Féadfaidh an tAire cibé feidhmeanna breise eile is dóigh leis is gá ó am go ham a thabhairt don Fhoras le hordú agus féadfaidh an tAire sin an t-ordú sin a leasú nó a chúlghairm le hordú.

(5) Féadfaidh an Foras, faoi réir cibé coinníollacha a ordóidh an tAire ó am go ham a chomhlíonadh, na nithe eile sin go léir a dhéanamh a éiríonn nó a leanann as na feidhmeanna a shanntar don Fhoras faoin Acht seo.

(6) Aon ordú a dhéanfaidh an tAire faoi fho-alt (4) den alt seo leagfar é faoi bhráid gach Tí den Oireachtas a luaithe is féidir tar éis a dhéanta agus má dhéanann ceachtar Teach acu sin, laistigh den lá is fiche a shuífidh an Teach sin tar éis an t-ordú a leagan faoina bhráid, rún a rith ag neamhniú an ordaithe, beidh an t-ordú ar neamhní dá réir sin ach sin gan dochar do bhailíocht aon ní a rinneadh faoi.

Coistí de chuid an Fhorais.

**5.**—(1) Féadfaidh an Foras coistí a bhunú chun cabhrú leis, agus comhairle a chur air, i ndáil le comhlíonadh a fheidhmeanna.

(2) Féadfaidh daoine nach comhaltaí den Fhoras a bheith ar choiste.

(3) Féadfaidh an Foras duine a cheapadh chun bheith ina chathaoirleach ar choiste a bhunófar faoin alt seo.

(4) íocfar as ioncam an Fhorais, le comhaltaí coiste a bhunófar faoin alt seo, cibé liúntais i leith caiteachas a thabhóidh siad de réir mar a chinnfidh an Foras, le toiliú an Aire agus an Aire Airgeadais.

Muirir i leith seirbhísí.

**6.**—(1) Faoi réir fhorálacha an ailt seo, féadfaidh an Foras cibé muirir a ghearradh is dóigh leis is cuí i gcomaoin é do chur seirbhísí ar fáil (seachas don Aire).

(2) Is faoi réir cheadú an Aire agus an Aire Airgeadais a chinnfear méideanna muirear a ghearrfaidh an Foras.

(3) Féadfaidh an Foras aon mhéid a bheidh dlite dó agus gan íoc leis faoi fho-alt (1) den alt seo a ghnóthú, mar fhiach conartha shimplí in aon chúirt dlínse inniúla, ón duine arb iníoctha aige é.

Príomhfheidhmeannach.

**7.**—(1) Beidh príomh-oifigeach ag an bhForas ar a dtabharfar, agus dá ngairtear san Acht seo, an Príomh-Oifigeach Feidhmiúcháin.

(2) Seolfaidh an Príomh-Oifigeach Feidhmiúcháin riarachán agus gnó an Fhorais agus déanfaidh sé bainistiú agus rialú i gcoitinne orthu agus comhlíonfaidh sé cibé feidhmeanna eile a chinnfidh an Foras.

(3) Sealbhóidh an Príomh-Oifigeach Feidhmiúcháin oifig faoi chonradh seirbhíse i scríbhinn, ina mbeidh cibé téarmaí agus

coinníollacha (lena n-áirítear téarmaí agus coinníollacha a bhaineann le luach saothair) a cheadóidh an tAire le toiliú an Aire Airgeadais.

(4) Íocfaidh an Foras leis an bPríomh-Oifigeach Feidhmiúcháin, as airgead a bheidh faoina réir aige, cibé luach saothair agus liúntais le haghaidh caiteachas a thabhóidh sé i gcomhlíonadh a fheidhmeanna, de réir mar a chinnfidh an tAire le toiliú an Aire Airgeadais.

(5) Is é an Foras, le ceadú an Aire, a cheapfaidh an Príomh-Oifigeach Feidhmiúcháin agus féadfaidh an Foras, le toiliú an Aire, é a chur as oifig tráth ar bith.

(6) Caithfidh an Príomh-Oifigeach Feidhmiúcháin a chuid ama go léir ar a dhualgais mar Phríomh-Oifigeach Feidhmiúcháin agus ní shealbhóidh sé aon oifig ná post eile gan toiliú ón bhForas.

(7) Féadfaidh an Príomh-Oifigeach Feidhmiúcháin tograí a dhéanamh chun an Fhorais maidir le haon ní a bhaineann le gníomhaíochtaí an Fhorais.

(8) Ní bheidh an Príomh-Oifigeach Feidhmiúcháin ina chomhalta den Fhoras.

Foireann an Fhorais.

**8.**—(1) Glacfaidh an Foras i bhfostaíocht, le héifeacht ón lá bunaithe agus de réir théarmaí an Achta seo, gach duine ar comhalta é d'fhoireann Roinn na Mara díreach roimh an lá bunaithe nó a thiocfaidh chun bheith ina chomhalta den fhoireann sin tar éis an lae bhunaithe, ar duine é a bheidh ainmnithe ag an Aire, cibé acu roimh an lá bunaithe nó dá éis, lena fhostú ag an bhForas.

(2) Féadfaidh an Foras cibé líon daoine a chinnfidh sé, le toiliú an Aire agus an Aire Airgeadais, a cheapadh chun bheith ina gcomhaltaí d'fhoireann an Fhorais.

(3) (*a*) íocfar le comhalta d'fhoireann an Fhorais (seachas an Príomh-Oifigeach Feidhmiúcháin), as an airgead a bheidh faoina réir ag an bhForas, cibé luach saothair agus liúntais le haghaidh caiteachais a thabhóidh sé, de réir mar a chinnfidh an Foras le toiliú an Aire agus an Aire Airgeadais.

(*b*) Sealbhóidh comhalta d'fhoireann an Fhorais dá dtagraítear i mír (*a*) den fho-alt seo a oifig nó a fhostaíocht ar

cibé téarmaí agus coinníollacha eile a chinnfidh an Foras le toiliú an Aire agus an Aire Airgeadais.

(4) Féadfaidh an Foras tráth ar bith, ar chúiseanna a bheidh luaite, aon chomhalta d'fhoireann an Fhorais a chur as a oifig mar chomhalta dá fhoireann.

(5) Is é an Foras, le toiliú an Aire agus an Aire Airgeadais, a chinnfidh gráid fhoireann an Fhorais agus na líonta foirne i ngach grad.

(6) Na téarmaí agus na coinníollacha maidir le seilbh oifige a dheonóidh an Foras i ndáil le haon duine a bheidh aistrithe ag an Aire chuig an bhForas ní lú fabhar dó iad, fad a bheidh sé i seirbhís an Fhorais, ná na téarmaí agus na coinníollacha a bheidh i réim sa státseirbhís de thuras na huaire; aon athrú maidir le seilbh oifige aon chomhalta den sórt sin ní lú fabhar dó é ná na coinníollacha a bheidh i réim sa státseirbhís tráth an athraithe sin, ach amháin i gcomhréir le comhaontú comhchoiteann arna chaibidil le haon cheardchumann nó comhlachas foirne aitheanta lena mbaineann agus má bhíonn aon díospóid ann idir an Foras agus aon chomhalta den sórt sin i dtaobh na gcoinníollacha atá i réim sa státseirbhís, is é an tAire Airgeadais, tar éis dó dul i gcomhairle leis an Aire, a chinnfidh an cheist.

(7) Ach amháin i gcomhréir le comhaontú comhchoiteann arna chaibidil le haon cheardchumann nó comhlachas foirne aitheanta lena mbaineann, maidir le haon chomhalta d'fhoireann Roinn na Mara a bheidh aistrithe ag an Aire chuig foireann an Fhorais, ní lú an scála pá a gheobhaidh sé ná ní lú tairbhe dó na téarmaí agus na coinníollacha seirbhíse a gcuirfear faoina réir é, fad a bheidh sé i seirbhís an Fhorais, ná an scála pá a raibh teideal aige chuige agus na téarmaí agus na coinníollacha seirbhíse a raibh sé faoina réir díreach roimh an lá bunaithe.

(8) Go dtí go ndéanfaidh an Foras, tar éis dó dul i gcomhairle le ceardchumainn agus comhlachais foirne aitheanta lena mbaineann, scálaí pá agus téarmaí agus coinníollacha seirbhíse na foirne a bheidh aistrithe (ag an Aire chuig an bhForas) a athrú, leanfaidh na scálaí pá a raibh teideal acu chucu agus na téarmaí agus na coinníollacha seirbhíse, na srianta, na ceanglais agus na hoibleagáidí a raibh siad faoina réir díreach sular aistríodh iad de bheith ag baint leo agus féadfaidh an Foras nó an Príomh-Oifigeach Feidhmiúcháin, de réir mar a bheidh, iad a fheidhmiú nó a fhorchur fad a bheidh siad i seirbhís an Fhorais. Ní oibreoidh aon athrú den sórt sin chun gur measa na scálaí pá nó na téarmaí agus na coinníollacha seirbhíse

réamhráite a bhain le comhalta den fhoireann sin díreach roimh an lá bunaithe, ach amháin i gcomhréir le comhaontú comhchoiteann arna chaibidil le haon cheardchumann nó comhlachas foirne aitheanta lena mbaineann.

(9) Maidir le haon chomhaltaí den fhoireann a aistreoidh an tAire chuig an bhForas, beidh seirbhís roimh ré sa státseirbhís ináirithe chun críocha na nAchtanna um Íocaíochtaí Iomarcaíochta, 1967 go 1984, an Achta um Laethanta Saoire (Fostaithe), 1973, na nAchtanna um Fhógra íosta agus Téarmaí Fostaíochta, 1973 agus 1984, agus an Achta um Dhífhostú Éagórach, 1977, ach sin faoi réir aon eisceachtaí nó eisiataí eile sna hAchtanna sin.

(10) Féadfaidh an Foras aon fheidhm dá chuid a chomhlíonadh tríd an bPríomh-Oifigeach Feidhmiúcháin nó trí aon chomhalta eile dá fhoireann a bheidh údaraithe go cuí chuige sin ag an bhForas.

Aoisliúntas fhoireann an Fhorais.

**9.**—(1) Féadfaidh an Foras, le toiliú an Aire agus an Aire Airgeadais, scéim nó scéimeanna a dhéanamh chun sochair aoisliúntais a dheonú do dhaoine nó i leith daoine (lena n-áirítear an Príomh-Oifigeach Feidhmiúcháin) a cheapfar nó a aistreofar faoi alt 8 den Acht seo chuig poist lánaimseartha ar fhoireann an Fhorais.

(2) Socróidh scéim faoi fho-alt (1) den alt seo na tráthanna agus na coinníollacha scoir do na daoine go léir a mbeidh sochair aoisliúntais iníoctha leo nó ina leith faoin scéim nó faoi na scéimeanna agus féadfar tráthanna agus coinníollacha éagsúla a shocrú i leith aicmí éagsúla daoine.

(3) Faoi réir fho-alt (4) den alt seo, féadfaidh an Foras, le toiliú an Aire agus an Aire Airgeadais, scéim a dhéanamh ag leasú nó ag cúlghairm scéime faoin alt seo, lena n-áirítear scéim faoin bhfo-alt seo.

(4) Déanfaidh an Foras scéim nó scéim leasaitheach, nó scéim chúlghairme a bheidh curtha faoi bhráid an Aire faoin alt seo, a chur i gcrích de réir a téarmaí má cheadaíonn an tAire í le toiliú an Aire Airgeadais.

(5) Déanfar sochar aoisliúntais a fhéadfar a dheonú do dhaoine, nó i leith daoine, a bhí ina gcomhaltaí d'fhoireann Roinn na Mara sular aistríodh iad go dtí an Foras, a eisíoc ar choinníollacha nach lú fabhar ná na coinníollacha a mbeadh feidhm acu díreach sular aistríodh iad go dtí an Foras.

(6) Má bhíonn aon díospóid ann i dtaobh éileamh aon duine ar aon sochar aoisliúntais is iníoctha de bhun scéime nó scéimeanna

faoin alt seo, nó i dtaobh mhéid an chéanna, cuirfear an díospóid sin faoi bhráid an Aire agus tarchuirfidh seisean chun an Aire Airgeadais í, agus is cinneadh críochnaitheach a bheidh ina chinneadhsan.

(7) Ní dheonóidh an Foras aon sochar aoisliúntais ar chomhalta d'fhoireann an Fhorais, lena n-áirítear an Príomh-Oifigeach Feidhmiúcháin, d'éirí as, do scor nó d'fháil bháis ach amháin de réir scéime nó scéimeanna faoin alt seo.

(8) Leagfar scéim faoin alt seo faoi bhráid gach Tí den Oireachtas a luaithe is féidir tar éis a déanta agus má dhéanann ceachtar Teach acu sin, laistigh den lá is fiche a shuífidh an Teach sin tar éis an scéim a leagan faoina bhráid, rún a rith ag neamhniú na scéime, beidh an scéim ar neamhní dá réir sin ach sin gan dochar do bhailíocht aon ní a rinneadh fúithi.

(9) I gcás scéime nó scéimeanna faoi fho-alt (1) den alt seo, déanfar foráil inti nó iontu maidir le duine a bheidh aistrithe ag an Aire chuig post lánaimseartha ar fhoireann an Fhorais faoi alt 8 den Acht seo go ndéanfar sochair aoisliúntais a dheonú dó nó ina leith faoi réim agus faoi réir téarmaí agus coinníollacha nach lú fabhar dó ná na téarmaí agus na coinníollacha a bhain leis i Roinn na Mara díreach sular aistríodh chuig an bhForas é i ndáil le deonú na sochar sin.

(10) I gcás ina mbeidh sochair aoisliúntais le híoc le duine, nó i leith duine, lena mbaineann fo-alt (9) den alt seo sa tréimhse dar tosach an lá bunaithe agus dar críoch díreach roimh theacht i ngníomh do scéim faoin alt seo, déanfaidh an Foras na sochair aoisliúntais a ríomh agus a íoc de réir na nAchtanna Aoisliúntas, 1834 go 1963, mar a bhain leis an duine sin díreach roimh an lá bunaithe agus, chun na críche sin, déanfar a sheirbhís inphinsin leis an bhForas a chomhiomlánú lena sheirbhís inphinsin roimhe sin.

(11) Déanfaidh an tAire Airgeadais cibé ranníoc a shonrófar, le toiliú uaidh, i scéim nó scéimeanna faoin alt seo faoi chomhair na sochar aoisliúntas i ndáil le seirbhís ináirithe a tugadh roimh an lá bunaithe, ar sochair iad is féidir a dheonú do dhaoine, nó i leith daoine, a bhí, díreach roimh an lá sin, ina gcomhaltaí d'fhoireann Roinn na Mara, agus socróidh an scéim nó na scéimeanna sin, leis an toiliú sin, an modh agus na tráthanna a n-íocfar an ranníoc sin.

(12) Airleacfar as an bPríomh-Chiste nó as a thoradh fáis aon airgead a cheanglaítear ar an Aire Airgeadais a íoc faoin alt seo.

(13) San alt seo agus in ailt 10 agus 11 ciallaíonn "sochair aoisliúntais" pinsin, aiscí agus liúntais eile is iníoctha ar dhuine d'éirí as, do scor nó d'fháil bháis.

**10.—**(1) Más rud é, i gcás comhalta den Fhoras— Comhaltas de cheachtar Teach den Oireachtas nó de Pharlaimint na hEorpa ag comhaltaí den Fhoras nó ag foireann an Fhorais.

(*a*) go n-ainmneofar é mar chomhalta de Sheanad Éireann, nó

(*b*) go dtoghfar é mar chomhalta de cheachtar Teach den Oireachtas nó de Pharlaimint na hEorpa, nó

(*c*) go measfar de bhun alt 15 (a cuireadh isteach leis an Acht um Thoghcháin do Thionól na hEorpa, 1984) den Acht um Thoghcháin do Thionól na hEorpa, 1977, é a bheith tofa chun na Parlaiminte sin chun folúntas a líonadh,

scoirfidh sé air sin de bheith ina chomhalta den Fhoras.

(2) Más rud é, i gcás duine is comhalta d'fhoireann an Fhorais—

(*a*) go n-ainmneofar é mar chomhalta de Sheanad Éireann, nó

(*b*) go dtoghfar é mar chomhalta de cheachtar Teach den Oireachtas nó de Pharlaimint na hEorpa, nó

(*c*) go measfar de bhun alt 15 (a cuireadh isteach leis an Acht um Thoghcháin do Thionól na hEorpa, 1984) den Acht um Thoghcháin do Thionól na hEorpa, 1977, é a bheith tofa chun na Parlaiminte sin chun folúntas a líonadh,

beidh sé air sin ar iasacht ó fhostaíocht ag an bhForas agus ní íocfaidh an Foras leis, ná ní bheidh sé i dteideal go bhfaighidh sé ón bhForas, aon luach saothair ná liúntais i leith na tréimhse dar tosach tráth a ainmnithe nó a thofa amhlaidh nó an tráth a measfar amhlaidh é a bheith tofa, de réir mar a bheidh, agus dar críoch an tráth a scoirfidh sé de bheith ina chomhalta de cheachtar Teach acu sin nó den Pharlaimint sin.

(3) Duine a bheidh de thuras na huaire i dteideal faoi Bhuan-Orduithe ceachtar Tí den Oireachtas suí sa Teach sin nó is comhalta de Pharlaimint na hEorpa beidh sé, fad a bheidh sé i dteideal amhlaidh nó ina chomhalta den sórt sin, dícháilithe chun bheith ina chomhalta den Fhoras nó d'fhoireann an Fhorais.

(4) Gan dochar do ghinearáltacht fho-alt (2) den alt seo, forléireofar an fo-alt sin mar fho-alt a thoirmisceann, *inter alia,* tréimhse a luaitear san fho-alt sin a ríomh mar sheirbhís leis an bhForas chun críocha aon sochar aoisliúntais.

Airleacain ón Aire chun an Fhorais.

**11.—**Féadfaidh an tAire ó am go ham, le toiliú an Aire Airgeadais, cibé suimeanna a chinnfidh an tAire chun críocha caiteachais ag an bhForas i gcomhlíonadh a fheidhmeanna a airleacan chuig an bhForas as airgead a sholáthróidh an tOireachtas.

Cuntais an Fhorais agus iniúchadh orthu.

**12.—**(1) Coimeádfaidh an Foras, i cibé foirm a cheadóidh an tAire le comhthoiliú an Aire Airgeadais, na cuntais go léir is cuí agus is gnách ar an airgead go léir a gheobhaidh nó a chaithfidh an Foras, lena n-áirítear cuntas ioncaim agus caiteachais agus clár comhardaithe, agus, go háirithe, coimeádfaidh sé na cuntais speisialta sin go léir a ordóidh an tAire ó am go ham.

(2) Déanfar na cuntais a choimeádfar de bhun an ailt seo a chur, a luaithe is féidir tar éis dheireadh na bliana airgeadais de chuid an Fhorais lena mbaineann siad, faoi bhráid an Ard-Reachtaire Cuntas agus Ciste lena n-iniúchadh agus déanfar cóip den chuntas ioncaim agus caiteachais agus den chlár comhardaithe agus de cibé cuntais eile (más ann) dá chuid a ordóidh an tAire, mar aon le cóip de thuarascáil an Ard-Reachtaire Cuntas agus Ciste ar na cuntais, a thíolacadh don Aire a luaithe is féidir agus cuirfidh an tAire faoi deara cóipeanna de gach ceann de na doiciméid a dúradh a leagan faoi bhráid gach Tí den Oireachtas.

Bronntanais.

**13.—**(1) Féadfaidh an Foras bronntanais airgid, talún nó maoine eile a ghlacadh ar cibé iontaobhais nó coinníollacha, más ann, a shonróidh an deontóir.

(2) Ní ghlacfaidh an Foras bronntanas má bhíonn na hiontaobhais nó na coinníollacha a bheidh ag gabháil leis ar neamhréir lena fheidhmeanna.

An Foras d'fháil iasachtaí.

**14.—**Féadfaidh an Foras ó am go ham, d'fhonn soláthar a dhéanamh do chaiteachas reatha nó caipitiúil, airgead lena n-áirítear airgead in airgead reatha seachas airgead reatha an Stáit a fháil ar iasacht (cibé acu ar urrús shócmhainní an Fhorais nó ar shlí eile), ach ní dhéanfaidh sé amhlaidh gan toiliú an Aire agus an Aire Airgeadais.

**15.—**(1) Ní nochtfaidh duine, gan toiliú an Fhorais, aon fhaisnéis a fuair sé agus é ag comhlíonadh dualgas (nó de thoradh dualgais a chomhlíonadh) mar chomhalta den Fhoras nó mar chomhalta d'fhoireann an Fhorais nó mar chomhairleoir nó mar shainchomhairleoir don Fhoras nó mar chomhalta de choiste arna bhunú de bhun alt 5 den Acht seo. Faisnéis a nochtadh.

(2) Beidh duine a sháróidh fo-alt (1) den alt seo ciontach i gcion agus dlífear, ar é a chiontú go hachomair, fíneáil nach mó ná £1,000 a chur air.

(3) Ní choiscfidh aon ní i bhfo-alt (1) den alt seo faisnéis i dtuarascáil a thabharfar don Fhoras nó a thabharfaidh an Foras, nó a thabharfar thar a cheann, a nochtadh don Aire.

**16.—**(1) Féadfaidh an Foras, le toiliú an Aire agus an Aire Airgeadais, cistí de chuid an Fhorais a infheistiú i cibé slí is cuí leis. An Foras d'infheistiú airgid agus do dhiúscairt fáltas díolachán talún nó leasa i dtalamh.

(2) Déanfar na fáltais ó dhiúscairt talún nó leasa i dtalamh ag an bhForas a dhiúscairt i cibé slí a ordóidh an tAire le toiliú an Aire Airgeadais.

**17.—**Féadfaidh an Foras, le ceadú an Aire, scoláireachtaí agus dámhachtainí eile a chur ar fáil chun oideachas agus oiliúint i dtaighde agus forbairt mara a chur ar dhaoine. Scoláireachtaí agus deontais.

**18.—**(1) Soláthróidh an Foras don Aire, tráth nach déanaí ná sé mhí tar éis dheireadh gach bliana airgeadais de chuid an Fhorais, tuarascáil i scríbhinn faoina ghníomhaíochtaí i rith na bliana sin agus cuirfidh an tAire faoi deara, laistigh de dhá mhí ón tuarascáil sin a fháil, cóipeanna den tuarascáil a leagan faoi bhráid gach Tí den Oireachtas. Tuarascálacha agus faisnéis don Aire.

(2) I ngach tuarascáil dá dtagraítear i bhfo-alt (1) den alt seo beidh faisnéis i cibé foirm, agus maidir le cibé nithe, a ordóidh an tAire.

(3) Déanfaidh an Foras, aon uair a iarrfaidh an tAire air é, faisnéis a thabhairt dó i ndáil le cibé nithe a shonróidh sé, seachas faisnéis i dtaobh gníomhaíochtaí ó lá go lá, de chuid an Fhorais.

(4) Tabharfaidh an Foras don Aire, ag eatraimh cúig bliana, athbhreithnithe cuimsitheacha ar chláir an Fhorais agus ar a bhfuil bainte amach aige.

Meastacháin bhliantúla.

**19.—**(1) Déanfaidh an Foras, trí mhí ar a laghad roimh dheireadh gach bliana airgeadais dá chuid, tuarascáil i scríbhinn, a bheidh déanta amach i gcomhairle le hAirí iomchuí, a thabhairt don Aire—

(*a*) a thabharfaidh sracléiriú ar na gníomhaíochtaí atá beartaithe aige (seachas gníomhaíochtaí ó lá go lá) sa bhliain airgeadais díreach ina dhiaidh sin,

(*b*) a thabharfaidh meastacháin dá chaiteachas sa bhliain is déanaí a luaitear i ndáil le gach ceann de na gníomhaíochtaí sin, agus

(*c*) a thabharfaidh meastacháin dá ioncam sa bhliain sin is déanaí a luaitear,

agus ní dhéanfaidh an Foras aon cheann de na gníomhaíochtaí sin a chur i gcrích ná aon chaiteachas den sórt sin a thabhú go dtí go mbeidh an tuarascáil ceadaithe ag an Aire agus ag an Aire Airgeadais.

(2) Ní dhéanfaidh an Foras, le linn aon bhliana airgeadais—

(*a*) aon ghníomhaíocht (seachas gníomhaíochtaí ó lá go lá) nach mbeidh sonraithe sa tuarascáil faoi fho-alt (1) den alt seo i ndáil leis an mbliain sin a sheoladh, ná

(*b*) aon chaiteachas a thabhú i ndáil le haon ghníomhaíocht de bhreis ar mheastachán an chaiteachais sin arna thabhairt sa tuarascáil sin,

gan ceadú roimh ré ón Aire agus ón Aire Airgeadais.

Maoin a aistriú.

**20.—**(1) An talamh go léir a bhí, díreach roimh an lá bunaithe, dílsithe don Aire Airgeadais agus á úsáid i ndáil le taighde mara, agus na cearta, na cumhachtaí agus na pribhléidí go léir a bhaineann nó a ghabhann leis an talamh sin beidh siad, an lá sin, gan aon tíolacadh ná sannadh, dílsithe don Fhoras go feadh an eastáit nó an leasa go léir ar a raibh an céanna, díreach roimh an lá bunaithe, dílsithe don Aire ach sin faoi réir na n-iontaobhas agus na gcothromas go léir a dhéanann difear don talamh agus a bheidh ar marthain agus infheidhmithe.

(2) An mhaoin go léir seachas talamh ar mhaoin de chuid an Aire Airgeadais i díreach roimh an lá bunaithe, agus a bhí á húsáid i ndáil le taighde mara, beidh sí, an lá sin, dílsithe don Fhoras gan aon sannadh a dhéanamh.

(3) Féadfaidh an tAire ar a thionscnamh féin, agus ní foláir dó ar iarratas ón bhForas, deimhniú a eisiúint maidir le talamh sonraithe á dheimhniú, de réir mar is iomchuí leis, go raibh an talamh dílsithe don Fhoras nó nach raibh sé dílsithe amhlaidh agus is fianaise dhochloíte an deimhniú ar na fíorais a dheimhnítear amhlaidh.

(4) Ní bheidh feidhm ag alt 12 den *Finance Act*, 1895, maidir le haon mhaoin nó cearta, a aistrítear leis an Acht seo, a dhílsiú don Fhoras.

**21.**—Féadfaidh an Foras faisnéis a thagann chun cinn de bharr ghníomhaíochtaí an Fhorais a fhoilsiú in ainm an Fhorais. Foilseacháin.

**22.**—(1) Gach fionnachtain agus aireagán a thagann as taighdí nó imscrúduithe a bheidh gafa de láimh ag an bhForas nó thar a cheann, seachas na fionnachtana nó na haireagáin sin dá dtagraítear i bhfo-alt (2), is maoin de chuid an Aire a bheidh iontu. Fionnachtana agus aireagáin.

(2) Aon fhionnachtain nó aireagán a thagann go díreach as taighdí nó imscruduithe a bheidh gafa de láimh ag an bhForas nó thar a cheann d'aon duine (seachas an tAire) tiocfaidh siad chun bheith, mura gcomhaontófar a mhalairt idir an Foras agus an duine sin, ina maoin eisiatach de chuid an duine sin.

(3) Aon fhionnachtain nó aireagán, nó aon chuid d'aon fhionnachtain nó aireagán, nach dtagann chun bheith ina mhaoin de chuid an duine dár gabhadh de láimh an taighde nó an t-imscrúdú sin a dúradh, tiocfaidh sé chun bheith ina mhaoin de chuid an Aire.

(4) Féadfaidh an Foras, faoi réir cheadú an Aire agus an Aire Airgeadais agus de rogha na nAirí sin, scéim a fhorbairt chun bónais nó ríchíosanna a íoc, as airgead a bheidh faoina réir ag an bhForas, le comhaltaí d'fhoireann an Fhorais a dhéanfaidh fionnachtana nó aireagáin a bhfuil tábhacht leo, nó a chabhróidh go hábhartha leis na fionnachtana nó na haireagáin sin a dhéanamh.

**23.**—Féadfar cistí an Fhorais a úsáid chun caiteachais a thabhóidh sé ag comhlíonadh a fheidhmeanna a íoc. Caiteachas ag an bhForas.

Caiteachais.

**24.—**Déanfar na caiteachais a thabhóidh an tAire ag riar an Achta seo a íoc, a mhéid a cheadóidh an tAire Airgeadais, as airgead a sholáthróidh an tOireachtas.

Gearrtheideal.

**25.—**Féadfar an tAcht um Fhoras na Mara, 1991, a ghairm den Acht seo.

AN SCEIDEAL

Alt 3.

FORAS NA MARA

1. Beidh an Foras ina chomhlacht corpraithe agus comharbas suthain agus séala oifigiúil aige agus beidh cumhacht agartha aige agus beidh sé inagartha faoina ainm corpraithe agus, le toiliú an Aire, beidh cumhacht aige talamh nó aon chearta i dtalamh nó in uisce nó thairis nó faoi a fháil, a theachtadh agus a dhiúscairt agus aon mhaoin eile a fháil, a theachtadh agus a dhiúscairt.

2. Is é a bheidh san Fhoras cathaoirleach, agus ochtar gnáthchomhalta, a cheapfaidh an tAire le bheith ina gcomhaltaí den Fhoras de bhua a dtaithí i réimsí saineolais a bhfuil baint acu le feidhmeanna an Fhorais.

3. Féadfaidh cathaoirleach an Fhorais éirí as a oifig tráth ar bith trí litir a bheidh dírithe chun an Aire.

4. Féadfaidh an tAire tráth ar bith cathaoirleach an Fhorais a chur as oifig.

5. Faoi réir fhorálacha an Sceidil seo, sealbhóidh cathaoirleach an Fhorais oifig ar cibé téarmaí agus coinníollacha a chinnfidh an tAire le toiliú an Aire Airgeadais.

6. Íocfar le cathaoirleach an Fhorais, as airgead a bheidh faoina réir ag an bhForas, cibé luach saothair agus liúntais le haghaidh caiteachas a thabhóidh sé de réir mar a chinnfidh an tAire, le toiliú an Aire Airgeadais.

7. Faoi réir fhorálacha an Sceidil seo, beidh gach gnáthchomhalta den Fhoras i seilbh oifige ar cibé téarmaí agus coinníollacha a chinnfidh an tAire le toiliú an Aire Airgeadais.

8. (1) Is cúig bliana a bheidh mar théarma oifige ag cathaoirleach an Fhorais.

(2) (*a*) Faoi réir fhorálacha na míre seo, is cúig bliana a bheidh mar théarma oifige ag gnáthchomhalta den Fhoras.

(*b*) Is trí bliana a bheidh mar théarma oifige ag triúr (arna gcinneadh ag an Aire trí chrannchur) den chéad ochtar a cheapfar chun bheith ina ngnáthchomhaltaí den Fhoras.

(*c*) Is ceithre bliana a bheidh mar théarma oifige ag triúr (arna gcinneadh ag an Aire trí chrannchur) den chéad ochtar a cheapfar chun bheith ina ngnáthchomhaltaí den Fhoras.

9. (1) Más rud é go n-éagfaidh comhalta den Fhoras, go n-éireoidh sé as oifig, go dtiocfaidh sé chun bheith dícháilithe nó go gcuirfear as oifig é, féadfaidh an tAire duine a cheapadh chun bheith ina chomhalta den Fhoras chun an corrfholúntas a tharlóidh amhlaidh a líonadh agus an duine a cheapfar amhlaidh ceapfar é sa tslí chéanna ar ceapadh an comhalta den Fhoras is cionsiocair leis an gcorrfholúntas.

(2) Duine a cheapfar chun bheith ina chomhalta den Fhoras de bhua na míre seo beidh sé i seilbh oifige ar feadh a mbeidh fágtha de théarma oifige an chomhalta is cionsiocair leis an gcorrfholúntas a gceapfar é lena líonadh agus beidh sé inathcheaptha mar chomhalta den Fhoras.

10. Beidh comhalta den Fhoras a rachaidh a théarma oifige in éag trí imeacht aimsire inathcheaptha mar chomhalta den Fhoras.

11. Féadfaidh an tAire tráth ar bith gnáthchomhalta den Fhoras a chur as oifig má mhí-iompraíonn sé é féin mar a bheidh sonraithe nó má dhealraíonn sé gur gá é a chur as oifig chun go gcomhlíonfaidh an Foras a fheidhmeanna go héifeachtach.

12. Líonfar folúntas de chuid an Fhorais laistigh de sheasca lá.

13. Féadfaidh gnáthchomhalta den Fhoras éirí as a oifig mar chomhalta trí litir a bheidh dírithe chun an Aire agus glacfaidh an t-éirí as éifeacht ón dáta a bhfaighidh an tAire an litir.

14. Beidh comhalta den Fhoras dícháilithe chun oifig a shealbhú agus scoirfidh sé d'oifig a shealbhú má bhreithnítear ina fhéimheach é nó má dhéanann sé imshocraíocht nó comhshocraíocht le creidiúnaithe nó má dhéanann cúirt dlínse inniúla é a chiontú ar díotáil nó má scoireann sé de ghnáthchónaí a bheith air sa Stát.

15. Íocfar le gach gnáthchomhalta den Fhoras, as airgead a bheidh faoina réir ag an bhForas, cibé luach saothair (más ann) agus liúntais le haghaidh caiteachas a thabhóidh sé (más ann), de réir mar a cheadóidh an tAire le toiliú an Aire Airgeadais.

16. Tionólfaidh an Foras cibé cruinnithe agus cibé méid cruinnithe is gá chun a fheidhmeanna a chomhlíonadh.

17. Féadfaidh an tAire dáta, am agus áit chéad chruinniú an Fhorais a shocrú.

18. Ceathrar is córam do chruinniú den Fhoras.

19. Ag cruinniú den Fhoras—

(*a*) is é cathaoirleach an Fhorais, má bhíonn sé i láthair, a bheidh ina chathaoirleach ar an gcruinniú, agus

(*b*) mura mbeidh, agus fad nach mbeidh, cathaoirleach an Fhorais i láthair nó má bhíonn oifig an chathaoirligh folamh, roghnóidh comhaltaí an Fhorais a bheidh i láthair duine dá líon chun bheith ina chathaoirleach ar an gcruinniú.

20. Beidh vóta ag cathaoirleach an Fhorais agus ag gach gnáthchomhalta den Fhoras a bheidh i láthair ag cruinniú den chéanna.

21. Déanfar gach ceist a éireoidh ag cruinniú den Fhoras a chinneadh le tromlach vótaí na gcomhaltaí a bheidh i láthair agus a vótálfaidh ar an gceist agus, i gcás na vótaí a bheith roinnte go cothrom, beidh an dara vóta nó vóta réitigh ag cathaoirleach an chruinnithe.

22. Féadfaidh an Foras gníomhú d'ainneoin folúntais nó folúntas i measc a chomhaltaí: ar choinníoll go mbeidh córam ann.

23. Faoi réir fhorálacha an Sceidil seo, rialálfaidh an Foras, le buan-orduithe, nós imeachta agus gnó an Fhorais.

24. Soláthróidh an Foras séala dó féin a luaithe is féidir tar éis a bhunaithe.

25. Fíordheimhneofar séala an Fhorais le síniú chathaoirleach an Fhorais nó le síniú comhalta éigin eile den Fhoras a bheidh údaraithe ag an bhForas chun gníomhú chuige sin agus le síniú oifigigh don Fhoras a bheidh údaraithe ag an bhForas chun gníomhú chuige sin.

26. Tabharfar aird bhreithiúnach ar shéala an Fhorais agus gach doiciméad a airbheartóidh gur ionstraim é a rinne an Foras agus a bheith séalaithe le séala (a airbheartóidh a bheith fíordheimhnithe de réir mhír 25 den Sceideal seo) an Fhorais, glacfar i bhfianaise é agus measfar gur ionstraim den sórt sin é gan chruthúnas mura suífear a mhalairt.

27. Aon chomhalta den Fhoras—

(*a*) a bhfuil aon leas ábhartha nó airgeadais aige in aon réimse oibríochta de chuid an Fhorais, nó

(*b*) a bhfuil aon leas ábhartha nó airgeadais aige in aon chonradh a dhéanann an Foras nó a bheartaíonn sé a dhéanamh,

nochtfaidh sé don Fhoras go bhfuil an leas sin aige agus cén cineál leasa é, agus ní ghlacfaidh sé páirt in aon bhreithniú nó cinneadh de chuid an Fhorais a bhaineann leis an réimse oibríochta nó leis an gconradh, agus taifeadfar an nochtadh i miontuairiscí an Fhorais.